DRÉACHT - TUARASCÁIL CHOMHSHAOIL

DE

DRÉACHT PHLEAN LIMISTÉIR ÁITIÚIL GHAELTACHTA

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Do: **Comhairle Contae na Gaillimhe**

Áras an Chontae

Cnoc na Radharc

Gaillimh

Le: **CAAS (Seirbhísí Comhshaoil) Teoranta**

4ú Urlár, Lána na mBó Deirge

71 / 72 Sráid Brunswick Thuaidh

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7

Teil 01 872 1530
Facs 01 872 1519
Láithreán Gréasáin www.caas.ie
Ríomhphost caas@caas.ie

MEITHEAMH 2007

Tá sonraí ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann atáirgthe anseo faoi cheadúnas OSi , Uimhir Ceadúnais (le teacht ó GCC Rannáin GIS). Sáróidh atáirgeadh gan cead ar chóipcheart Rialtas na hÉireann agus Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann © Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann

Liosta de na Míreanna

Mír 1 Réamhrá MSC 1
1.1 Réamhrá agus Téarmaí Tagartha 1
1.2 Sainmhíniú MSC 1
1.3 Comhthéacs Reachtach 1
1.4 Impleachtaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do na Comhalta 1
Mír 2 Modheolaíocht MSC 2
2.1 Réamhrá 2
2.2 Scagadh 2
2.3 Cuimsiú 2
2.4 Sonraí Bonnlíne Chomhshaoil agus Gníomhartha Straitéiseacha Eile 3
2.5 Roghanna Malartacha 3
2.6 An Tuarascáil Chomhshaoil MSC 3
2.7 An Ráiteas MSC 3
2.8 Comhlíonadh Reachtach 4
2.9 Deacrachtaí a Tháinig Aníos 4
Mír 3 Plean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht 6
3.1 An Dréacht PLA 6
3.2 Bearta um Phleanáil Ar Aghaidh Gníomhaíochtaí Straitéiseacha 8
Mír 4 Comhshaoil Bonnlíne 9
4.1 Réamhrá 9
4.2 Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána 9
4.3 Daonra agus Sláinte an Duine 11
4.4 An Ithir 12
4.5 An tUisce 13
4.6 Dálaí Aeir agus Aeráide 15
4.7 Sócmhainní In láimhsithe 16
4.8 Oidhreacht Chultúrtha 16
4.9 An Tírdhreach 18
Mír 5 Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil 31
5.1 Réamhrá 31
5.2 Daonra agus Sláinte an Duine 33
5.3 An Ithir 33
5.4 An tUisce 34
5.5 Dálaí Aeir agus Aeráide 35
5.6 Sócmhainní In láimhsithe 35
5.7 Oidhreacht Chultúrtha 36
5.8 Tírdhreach 37
Mír 6 Cur Síos ar Réamhradharcra Malartacha 38
6.1 Réamhrá 38
6.2 Cur Síos ar Réamhradharcra Malartacha don Cheathrú Rua 38
6.3 Cur Síos ar Réamhradharcra Malartacha don Spidéal 38
Mír 7 Measúnú ar Réamhradharcra Malartacha 46
7.1 Réamhrá 46
7.2 Modheolaíocht 46
7.3 Measúnú ar Réamhradharcra Malartacha don Cheathrú Rua 48

7.4 Measúnú ar Réamhradharcra Malartacha don Spidéal 51
Mír 8 Measúnú ar Bheartais Dhréacht Phlean agus ar Chuspóirí Sonracha 56
8.1 Modheolaíocht 56
8.2 Plean Sráidbhaile an Cheathrún Rua 56
8.3 Plean Shráidbhaile an Spidéil 61
Mír 9 Bearta Maolaithe 69
9.1 Réamhrá 69
9.2 Bearta Maolaithe d'Ábhair Shonracha a bhaineann leis an gComhshaoil 69
Mír10 Monatóireacht 72

Aguisín 1 Achoimrí Láithreán 75

Aguisín 2 Achoimrí Neamhtheichiúil 79

Liosta bhFigiúirí

Figiúr 4.1 Léarscáil den Láthair 9
Figiúr 4.2 Léarscáil Ghnáthóg an Cheathrún Rua (Comhairle Contae na Gaillimhe, 2006) 21
Figiúr 4.3 Ainmniúcháin Éiceolaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Pairceanna agus Fiadhúlra, 2005) 22
Figiúr 4.4 Uiscí Dromchla WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 23
Figiúr 4.5 Dobarcheantair Uisce Dromchla WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 24
Figiúr 4.6 Uiscí Cósta agus Inaistreacha WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 25
Figiúr 4.7 Screamhuisce WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 26
Figiúr 4.8 Struchtúir faoi chosaint sa Cheathrú Rua (Comhairel Contae na Gaillimhe, 2003) 27
Figiúr 4.9 An Spidéal, Láithreáin agus Séadchomharthaí agus Struchtúir faoi Chosaint (Comhairle Contae na Gaillimhe, 2003) 28
Figiúr 4.10 Íogaireacht Thírdhreach an Cheathrún Rua (Comhairle Contae na Gaillimhe, 2003) 29
Figiúr 4.11 Íogaireacht Thírdhreach an Spidéil (Comhairle Contae na Gaillimhe, 2003) 30
Figiúr 6.1 An Cheathrú Rua Réamhradharc 1 40
Figiúr 6.2 An Cheathrú Rua Réamhradharc 2 41
Figiúr 6.3 An Cheathrú Rua Réamhradharc 3 42
Figiúr 6.4 An Spidéal Réamhradharc 1 43
Figiúr 6.5 An Spidéal Réamhradharc 2 44
Figiúr 6.6 An Spidéal Réamhradharc 3 45

Liosta bhFigiúirí

Achoimrí Neamhtheichiúil

Figiúr 3.1 Ainmniúcháin Éiceolaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Pairceanna agus Fiadhúlra, 2005) 86
Figiúr 3.2 Uiscí Dromchla WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 87
Figiúr 3.3 Dobarcheantair Uisce Dromchla WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 88
Figiúr 3.4 Uiscí Cósta agus Inaistreacha WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 89
Figiúr 3.5 Screamhuisce WFD Measúnú Riosca (WRBD, 2005) 90
Figiúr 3.6 Struchtúir faoi chosaint sa Cheathrú Rua (Comhairel Contae na Gaillimhe, 2003) 91
Figiúr 3.7 An Spidéal, Láithreáin agus Séadchomharthaí agus Struchtúir faoi Chosaint (Comhairle Contae na Gaillimhe, 2003) 92
Figiúr 4.1 An Cheathrú Rua Réamhradharc 1 94
Figiúr 4.2 An Cheathrú Rua Réamhradharc 2 95
Figiúr 4.3 An Cheathrú Rua Réamhradharc 3 96
Figiúr 4.4 An Spidéal Réamhradharc 1 97
Figiúr 4.5 An Spidéal Réamhradharc 2 98
Figiúr 4.6 An Spidéal Réamhradharc 3 99

Liosta Táblaí

Tábla 2.1 Seicliosta den Fhaisnéis san Áireamh sa Tuarascáil Chomhshaoil seo.....5
Tábla 7.1Critéir chun éifeacht fhorálacha an phlean ar chuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil a mheas 47
Tábla 7.2 Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSCnna) 47
Tábla7.3 Meastóireacht ar Réamhradharcra Malartacha i gcoinne CSCnna 51
Tábla 7.4 Meastóireacht ar Réamhradharcra Éagsúla i gcoinne CSCnna.....55
Tábla10.1 Táscáirí Roghnaithe, Spriocanna agus Foinsí Monatóireachta.....74

Cuid 1 Réamhrá MSC

1.1 Réamhrá agus Téarmaí Tagartha

Is é seo Dréacht-Tuarascáil Chomhshaoil an Phlean Limistéir Áitiúil na Gaeltachta, Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC). Is é is críoch leis an tuarascáil seo ná tuiscint shoiléir a sholáthar de na hiarmhairtí comhshaoil is dóchúla a bheidh ann de thoradh ar chinntí maidir le soláthar a dhéanamh d'fhorás i láithreáin éagsúla i limistéir Ghaeltachta Chontae na Gaillimhe.

Tá an MSC seo á chur i gcrích d'fhonn forálacha áirithe na Rialachán MSC a chomhlíonadh chun pleanáil agus bainistíocht chomhshaoil i láithreáin áirithe sa Ghaeltacht a fheabhsú. Ní mór an tuarascáil seo a léamh i gcomhar leis an Dréacht PLA.

1.2 Sainmhíniú MSC

Is nós imeachta é measúnú comhshaoil a áirithíonn go gcuirtear san áireamh iarmhairtí comhshaoil aon chinntí a ghlacfar sula nglacfar leis na cinntí sin. *Measúnú ar Thionchar ar an gComhshaoil* nó EIA an téarma a úsáidtear go ginearálta chun chur síos a dhéanamh ar an bpróiseas measúnaithe comhshaoil a theorannaítear le tionscadail aonair ar nós loisceoirí dramhaíola, forbairtí tithíochta nó bóithre agus úsáidtear an téarma *Measúnú Straitéiseach Comhshaoil* nó MSC, chun chur síos ar mheasúnú comhshaoil a dhéanfar ar phleananna, agus ar ghníomhartha straitéiseacha eile, a chuideodh leis na saghsanna tionscail aonair a chuirfear i gcrích a chinneadh.

Is córas córasach é MSC ina dtuartar agus ina ndéantar measúnú ar na hiarmhairtí comhshaoil is dóchúla a bheidh ann de thoradh ar phlean togartha a chur i bhfeidhm nó de thoradh ar phlean straitéiseach eile a chur i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go rachfar i ngleic go hiomchuí leis na hiarmhairtí seo a luaithe agus is féidir é i bpróiseas glactha an chinnidh ar aon chéim le cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta.

Beidh tionchar suntasach ag forfheidhmiúchán an PLA ar an gcineál forbairt a dhéanfar i láithreáin áirithe sa Ghaeltacht agus an áit ina ndéanfar é. Féadfar feabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar phleanáil an chomhshaoil trí fhéachaint roimh ré ar na héifeachtaí agus trí na limistéir nach féidir glacadh le forás ar bhonn inmharthanach a sheachaint agus trí fhorbairt a threorú i dtreo na timpeallachtaí sin atá níos comhoiriúnaí agus atá láidir go leor chun glacadh le forbairt – beidh sé níos dóchúla go deonófar cead pleanála agus is dócúil go laghdófar raon feidhme aon EIA a d'fhéadfaí a lorg.

1.3 Comhthéacs Reachtach

Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 27 Meitheamh 2001, um mheasúnú ar iarmhairtí pleananna agus clár faoi leith ar an gcomhshaol, dá dtagraítear 'Treoir an MSC' anseo feasta a thug isteach an ceanglas go gcuirfearMSC i gcrích maidir le pleananna agus maidir le cláir a n-ullmhófar do roinnt earnálacha, lena n-áirítear pleanáil um úsáid na talún.

Trasuíodh Treoir an MSC go Dlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobail (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 [Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh.) 435 de 2004], agus, na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil)n2004 (I.R. Uimh.436 de 2004). Tháinig feidhm leis an dá chnuasach rialachán an 22 Iúil 2004.

1.4 Impleachtaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do na Comhaltaí Tofa

De thoradh ar an reachtaíocht thuas, ní mór go rachadh roinnt pleananna um úsáid na talún ullmhaithe ag Comhairle na Gaillimhe faoin MSC. Cuirtear torthaí an MSC in iúl i dTuarascáil Chomhshaoil a thíolactar chuig na Comhaltaí Tofa mar aon leis an bplean ábhartha. Ní mór go dtabharfadh na Comhaltaí Tofa aird ar an Tuarascáil Chomhshaoil sula nglacfar leis an bplean.

Nuair a ghlacfar leis an bplean ní mór ach go ndéanfar ráiteas poiblí a achoimróidh agus inter alia: an modh inar comhtháthaíodh cúrsaí com hshaoil isteach sa phlean nó sa chlár, agus; na cúiseanna ar roghnaíodh an plean nó an clár mar a glacadh leis thar roghanna eile nó thar roghanna malartacha eile sonraithe sa Turascáil Comhshaoil.

Cuid 2 Modheolaíocht an MSC

2.1 Réamhrá

Tugtar cur síos a chuid seo ar an mbealach inar tugadh faoin MSC agus faoian bPLA mar aon le hullmhúchán an phlean.Cuireadh próiseas annMSC i bhfeidhm go dtí gur tíolacadh an tuarascáil seo ó Mhí an Mhárta 2007 go Mí an Mheithimh 2007.

Chuathas i gcomhairle: leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil (RCORA); an Roinn Cumarsáid, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha, agus: cúpla rannóg de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe.

Cuireadh torthaí an MSC in iúl don fhoireann cumtha plean i gComhairle Contae na Gaillimhe ar bhonn leanúnach ón tús d'fhonn deis a thabhairt chun iad a chomhtháthú isteach sa PLA agus ar an gcaoi sin an dóchúlacht go dtiocfadh aon iarmhairtí suntasacha diúltacha aníos as an bplean a laghdú.

2.2 Scagadh

Ní raibh an scagadh ábhartha sa chás seo ós rud é go bhfuil gá le MSC a chur i gcrích, agus ós rud é go bhfuil MSC ina chuid éigeantach d'ullmhúchán an Phlean Limistéir Áitiúil – sáraíonn pobal na Gaeltachta an treorainn de 10,000 duine a leagtar síos faoi Rialacháin an MSC.

2.3 Cuimsiú

2.3.1 Réamhrá

Bhí cuimsiú ar siúl ar bhonn leanúnach agus nuair a bhfuarthas sonraí áirithe roghnaíodh a thuilleadh iniúchadh a dhéanamh orthu. Chabhraigh an cuimsiú leis an MSC díriú ar na saincheisteanna tábhachtacha, ar nós iad sin a bhaineann leis na fadbanna reatha comhshaoil, gan acmhainní a chur amú ar shonraí nach bhfuil riachtanach a bhailiú.

2.3.2 Cuimsiú As Spriocanna Phobal na Gaeltachta

Tá spriocanna pobail sa PLA do gach ceann de na sé Cheantar Ghaeltachta agus pleananna sráidbhaile don Cheathrú Rua agus don Spidéal (le a thuilleadh sonraí ar leagan amach an PLA féach Mír 3).

Cé gur aithníodh go bhféadfadh an dá phlean sráidbhaile dul i bhfeidhm go suntasach ar an gcomhshaol, aithníodh go ginearálta nach mbeadh tionchar suntasach ag na spriocanna pobail ar an gcomhshaol.

I gcás go mbeadh an dóchúlacht ann go go spreagfadh aon sprioc de chuid an phobail, cosúil leo siúd a bhaineann le bóithre agus le hiompras nó leo siúd a bhaineann le línte soláthair leictreachais aon éifeachtaí, ní mór ach go ndéanfaí measúnú ar na heifeachtaí seo ag leibhéal tionscadail tríd an EIA.

Sa bhreis ar sin, tógadh roinnt spriocanna pobail a bhaineann le hearnálacha cosúil le Tithíocht, e.g. *'ní mór go gceadófaí do dhaoine áitiúla tógáil a dhéanamh do bhaill teaghlaigh ar tháillte an teaghlaigh'* ó Straitéis Lonnaíochta Phlean Fhorbartha an Chontae a chuaigh faoi phróiseas MSC ar leith agus a bhfuil dlite ar an bPLA cúram ar leith a dhéanamh de.

2.3.3 Fócas ar Phleananna Sráidbhaile An Ceathrún Rua agus An Spidéil

Eilíonn Treoir an MSC agus na Rialacháin MSC go mbeadh san áireamh i dtuarascáil chomhshaoil, faisnéis um inter alia, *'saintréithe comhshaoil limistéir a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith orthu'* [Iarscríbhinn 1,(c) agus Sceideal 2B faoi seach].

Ós rud é gurb iad na limistéir sin a bhfuil an dóchúlacht ann go rachfaí i bhfeidhm go suntasach orthu de thoradh ar an bPLA a chur i bhfeidhm; ná limistéir sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal agus ina dtimpeall, díríodh ach go háirithe ar na limistéir sin sa phróiseas MSC.

2.3.4 Saincheisteanna Tábhactacha

Trí chuimsiú a dhéanamh aithníodh go mbaineann na saincheisteanna is tábhachtaí leis na hábhair seo:

- Caighdeán an uisce
- Infrastruchtúr cóireála fuiolluisce;
- An tírdhreach
- Bitheagsúlacht, flóra agus fána, agus;
- Oidhreacht Chultúrtha

2.4 Sonraí Bonnlíne Chomhshaoil agus Bearta Straitéiseacha Eile

Is é an bonnlíne chomhshaoil agus staid reatha an chomhshaoil a threoraíonn an próiseas MSC, a éascaíonn sainaithint, measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ina dhiaidh sin ar éifeachtaí an phlean agus na roghanna malartacha. Bailíodh na sonraí le cur síos a dhéanamh ar an mbonnlíne chomhshaoil agus a héabhlóid dóchúil mura gcuirfí an plean nó an clár i bhfeidhm. Cuirtear eolas ar fáil maidir le fadhbanna reatha comhshaoil atá ábhartha le foráil a dhéanamh d'fhorás sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal, ar an gcaoi sin cabhraíonn sé le deimhin a dhéanamh nach ndéanfaidh an PLA aon fhadhb reatha comhshaoil níos measa.

Éilíonn an Treoir MSC go mbeadh aon fhaisnéis faoin mbonn líne chomhshaoil fócasaithe ar na gnéithe ábhartha de shaintréithe chomhshaoil limistéar a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith orthu agus an éabhlóid is dóchúla a bheidh ar an gcomhshaol reatha i gcás nach ndéanfar aon ghníomh straitéiseach a chur i bhfeidhm. Tá aon fhaisnéis nach bhfócasaíonn ar seo iomarcach; ar a shon sin fócasaíonn an PLA MSC ar na saincheisteanna suntasacha sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal, ina bhfuil sé d'aidhm ag an bPLA foráil a dhéanamh d'fhorás. Tá sé d'aidhm ag Treoir an MSC chomh maith dubláil an mheasúnaithe a sheachaint i gcás gur chuid den chéimlathas é gníomh straitéiseach – ní bheidh aon ghá le measúnú breise más amhlaidh go bhfuil rochtain níos oiriúnaí ar ábhair áirithe ar fáil ag na leibhéil difriúla den chéimlathas ina bhfuil an PLA lonnaithe ann, nó, más amhlaidh go raibh rochtain faighte roimhe seo ar ábhair áirithe ag leibhéal éagsúil den chéimlathas.

D'fhonn cur síos a dhéanamh ar an mbonnlíne – staid reatha an chomhshaoil -, bailíodh faisnéis ó fhoinsí reatha, ábhartha comhshaoil ar fáil[1]

2.5 Roghanna Malartacha

Éilíonn an Treoir MSC go dtabharfar san áireamh, go n-aithneofar, go ndéanfar cur síos agus go ndéanfar measúnú ar roghanna malartacha réasúnacha, na spriocanna agus cuimsiú geografach an phlean nó an chláir do na héifeachtaí is dóchúla a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcomhshaoil.

Ag tabhairt san áireamh na spriocanna agus cuimsiú geografach an PLA, ceapadh roghanna malartacha don dá Phlean Sráidbhaile PLA don Cheathrú Rua agus don Spidéal.

2.6 An Tuarascáil Chomhshaoil MSC

Sa Dréacht - Tuarascáil Chomhshaoil seo, a thíolacfar roimh na Comhaltaí Tofa i dteannta leis an Dréacht PLA, déantar na héifeachtaí comhshaoil is dóchúla den Dréacht PLA agus de na roghanna malartacha a thuar agus déantar measúnú ar a suntas maidir leis an mbonnlíne chomhshaoil. Déanann an Tuarascáil Chomhshaoil foráil do lucht déanta cinntí, Comhaltaí Tofa de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe, a chinneann cibé an nglacfar leis an Dréacht Phlean, le tuiscint shoiléir ar na hiarmhairtí comhshaoil is dóchúla a bheidh ann i ndáil le foráil an todhchaí d' fhorás i láthair áirithe sa Ghaeltacht. Moltar bearta maolaithe chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí suntasacha diúltacha a thiocfadh aníos as an bPLA, nómoltar bearta chun iad a laghdú, agus chun aon leas a thiocfadh as a uasmhéadú.

D'fhéadfadh go mbeadh an riachtanas ann an Tuarascáil Chomhshaoil a athrú i gcás go dtoghadh na Comhaltaí Tofa glacadh le PLA ina bhfuil spriocanna nua ann nach ndearna an MSC aon mheasúnú orthu agus a d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha comhshaoil a bheith acu.

2.7 An Ráiteas MSC

Nuair a dhéanfar Dréacht PLA a ghlacadh ní mór doiciméad a chur ar fáil don phobal, dá dtagraítear Ráiteas MSC (RCORA, 2004)[2] Éilítear go bhfolóidh sé fáisnéis um; an mbealach inar comhtháthaíodh cúrsaí comhshaoil isteach i bPLA na Gaeltachta - ag aibhsiú na príomh athruithe ar an bplean a tháinig aníos de thoradh ar phróiseas an MSC; an mbealach inar tugadh san áireamh an Tuarascáil Chomhshaoil agus comhchomhairliúcháin – ag coimriú na príomh saincheisteanna a ardaíodh sna

[1] Rinne Liam Kavanagh (Comhairle Contae na Gaillimhe) agus David L'Estrange (CAAS) cuairteanna ar láithreáin, sa bhreis ar na sonraí reatha bonnlíne a scrúdú.

[2] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil (2004) Cur i ngníomh Treoir MSC (2001/42/CE): *Treoirlínte d'údaráis Réigiúnacha agus d'údáráis Phleanála* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

comhairliúcháin agus sa Tuarascáil Chomhshaoil, ag tabhairt le fios cén gníomh, más ann, a tógadh mar fhreagra agus; na cúiseanna ar roghnaíodh an PLA i bhfianaise na roghanna malartacha eile a tugadh san áireamh, agus barúlacha faoin bhfáth ar roghnaíodh an PLA.

Ní mór go bhfolóidh an fhaisnéis atá le bheith sa ráiteas agus nach mór í a bheith ar fáil don phobal, cur síos ar an mbealach inar comhtháthaíodh cúrsaí comhshaoil i rith an phróisis uile. Ní mór ach go ndéanfadh sé cur síos ar an mbealach inar roghnaíodh an rogha malartach roghnaithe le cúntasacht, inchreidteacht agus trédhearcacht a thabhairt isteach sa phróiseas cinnteoireachta straitéisigh.

2.8 Comhlíonadh Reachtach

Comhlíonann an Tuarascáil seo forálacha Rialachán MSC agus scríobhadh é i gcomhréir le Sceideal 2b de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnú Comhshaoil Straitéiseach) Rialacháin 2004 (I.R.Uimh. 436 de 2004).
(leathanach thall) is macashamhail é Tábla 2.1 de sheicliosta faisnéise atá le bheith san áireamh sa Tuarascáil Chomhshaoil (RCORA,2004)[3]

2.9 Deacrachtaí a Tháinig Aníos

Ba dheacracht shuntasach í sa phróiseas MSC nach bhfuil foinse láraithe sonraí a d'fhéadfadh gach sonra bonnlíne chomhshaoil a chur ar fáil i bhformáid chomhsheasmhach a fáil. Sáraíodh an deacracht trí acmhainní leordhóthanacha ama agus trí leas a bhaint as Córais Fhaisnéise Gheografacha.

[3] An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtas Aitiúil (2004) *Treoir MSC (2001/42/CE) a chur i ngníomh: Treoirlínte d'Údaráis Réigiúnacha agus d'Údaráis Phleanála* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Faisnéis nach mór a bheith san áireamh sa Tuarascáil Chomhshaoil	**Comhmhír sa Tuarascála seo**
(A) Imlíne den chlár ábhair agus príomhchuspóirí an phlean, agus a ghaolmhaireacht le pleananna agus cláir ábhartha eile	Mír3 agus Mír 5
(B) Cur síos ar ghnéithe ábhartha de staid reatha an Chomhshaoil agus éabhlóid an chomhshaoil sin mura gcuirfear an plean seo i ngníomh	Mír 4 agus Aguisín I
(C) Cur síos ar thréithe chomhshaoil na limistéar a meastar a mbeidh éifeacht shuntasach orthu	Mír 4 agus Mír 7 agus Aguisín I
(D) Aon fhadhbanna reatha comhshaoil a aithint atá ábhartha leis an bplean, go háirithe iad sin a bhaineann le láthair chosanta Eorpacha	Mír 4 agus Aguisín I
(E) Liosta de spriocanna cosanta comhshaoil, bunaithe ar leibhéal idirnáisiúnta, AE nó náisiúnta, atá ábharthach leis an bplean agus a thugann cur síos ar an mbealach inar tugadh na spriocanna sin agus cúrsaí comhshaoil san áireamh agus an plean á ullmhú	Mír5 agus Mír 9
(F) Cur síos ar na héifeachtaí is dóchúla a bheidh ar an gcomhshaoil:	Mír 7 agus Mír 8
(G) Cur síos ar aon bhearta a bhfuil i gceist leo, aon éifeachtaí suntasacha diúltacha comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh ar an bplean a chur i ngníomh a chosc, a laghdú agus a mhéid agus is féidir é iad a mhaolú.	Mír 9
(H) Imlíne a thabhairt de na fáthanna ar roghnaíodh na malartaigh a tugadh san áireamh agus cur síos ar an modh inar tugadh faoin measúnú (lena n-áirítear aon deacrachtaí)	Mír 6
(I) Cur síos ar na bearta monatóireachta togartha:	Mír 10
(J) Achoimre neamh-theicniúil den bhfaisnéis thuas:	I gceangal leis féin
(K) Idir-ghaolmhaireachtaí idir gach ábhar Comhshaoil:	Déileáltar leis de réir mar a thagann sé aníos i ngach Mír

Tábla 2.1 Seicliosta den Fhaisnéis san Áireamh sa Tuarascáil Chomhshaoil seo

3 Plean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht

3.1 An Dréacht PLA

3.1.1 Réamhrá

Éilíonn Cuspóir Uimh. 70 de Phlean Forbartha an Chontae 2003 – 2009, mar a athraíodh, go n-ullmhófar Plean Limistéir Áitiúil (PLA) don Ghaeltacht.

Ceadaíonn Cuid 18 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh é, go mbeidh d'acmhainn ag údarás pleanála PLA a chumadh in am ar bith, agus ceann a chumadh d'aon limistéir ar leith laistigh dá raon feidhmiúcháin. Aithníonn Cuid 19 (1) (a) den Acht go bhfuil san áireamh i limistéir de sórt sin, limistéir a éilíonn athnuachan eacnamaíochta, fhisiciúil, agus shóisialta.

Éilíonn an tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000 go mbeadh sprioc san áireamh i bPlean Forbartha don Ghaeltacht chun cosaint a thabhairt 'd'oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta, lena n-áirítear an Ghaeilge a chothú mar theanga an phobail'. Comhtháthaíodh é seo isteach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003-2009 agus is bunchloch é den PLA.

Ag teacht le forálacha an Achta, tá san áireamh san PLA sonraí áiseanna agus saoráidí pobail agus caighdeáin le struchtúir agus forbairtí a dhearadh.

Dúshlán bunúsach ar a raibh aird ar leith air agus an PLA á bhunú ab ea an gá le go gcuirfeadh comhlachtaí reachtúla agus pobail áitiúla laistigh den Ghaeltacht stop le meath an daonra agus aontú ar chlár chun struchtúir a fhorbairt agus seirbhísí a sheachadadh a spreagfaidh an ghlúin óg chun fanacht ina ndúthaigh féin, ar a rogha féin agus a ngéilleagar a fhorbairt ar bhealach a chuirfeadh an teanga agus an cúltúr chun cinn.

Tá sé d'aidhm ag an Dréacht PLA foráil a dhéanamh do dea-phleanáil agus forbairt inbhunaithe don Ghaeltacht ar feadh tréimhse de shé bliana, ón uair go nglacfar leis sa bhliain 2009 anonn go 2015, mura leasófar é.

3.1.2 Struchtúr agus Clár

Is éard atá sa PLA ná ráiteas i scríbhinn agus aguisíní ina bhfuil learscáil agus treoirlínte agus caighdeáin rialaithe maidir le forbairt. San áireamh ann tá spriocanna pobail do gach ceann de na sé dhúiche Gaeltachta mar le pleananna sráidbhaile don Cheathrú Rua agus an Spidéal.

Cuimsíodh na spriocanna pobail as próiseas an MSC (féach Mír 0). Baineann na spriocanna seo le, mar shampla; tioscadail infrastruchtúrtha a bhí bearthaithe roimhe seo agus a bhfuil dualgas ann go rachaidís faoi MSC, agus; spriocanna a tógadh go díreach ó Straitéis Lonnaíochta Phlean Fhorbartha an Chontae a chuaigh faoi MSC ar leith. [comply?]

Is éard atá sa dhá phlean sráidbhaile san áireamh sa PLA agus ar a bhfuil fócas phróiseas an MSC bunaithe air ná tograí um úsáid na talún agus beartais agus spriocanna sonracha.

3.1.3 Oll-aidhmeanna an PLA

Is iad seo a leanas na bunaidhmeanna a tiománfaidh straitéis, beartais agus spriocanna an PLA chun cinn:

- Go bhfuil de chumas ag Muintir na Gaeltachta bheith ann agus forás a dhéanamh mar phobal cúltúrtha sainiúil le rochtain ar infrastruchtúr ar ardchaighdeán agus poist inbhunaithe agus seirbhísí;
- go ndéanfar acmhainní dúchasacha na Gaeltachta a fhorbairt ar bhealach a bheidh chun leasa an bpobal uile agus ar bhealach a léireoidh meas ar an gcomhshaoil nádúrtha;
- go dtabharfar cúnamh do na dúichí sin a d'fhulaing meath ar an daonra le forás buan nua cónaitheach a spreagadh;
- go dtabharfar cúnamh do phobal sainiúil Oileáin Árainn lena a gcultúr oileáda a chaomhnú, agus aird ar mhíbhuntáiste a suíomh agus ar an dushlán a bhaineann le holl-turasóireacht, agus;
- go dtabharfar tacaíocht do comhlachtaí reachtacha agus deonacha agus iad ag freastal ar an bpobal ar bhonn uilechuimsitheach agus iomlánaíoch.

3.1.4 Plean Sráidbhaile An Cheathrún Rua

Ullmhaíodh Plean sráidbhaile An Cheathrún Rua mar chuid de Chuid 18 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000. Is ionstraim dlí é

an plean seo a threoróidh agus a mhaoirseoidh forbairt sa tsráidbhaile ar feadh na sé bliana ó dháta a ghlactha.

Measadh go raibh sé riachtanach plean fócasaithe a bheith ann don sráidbhaile agus aird ar shuíomh sraitéiseach i gcroí lár Ghaeltacht Chonemara agus a leithéid de sheirbhísí ann agus oideachas for-rochtana tríú leibhéal ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Eastáit Tionsclíochta de chuid an t-Údaráis, meán scoileanna agus bunscoileanna, ostán agus teach altranais.

Sonraíonn an plean na beartais agus na spriocanna sonracha a threoróidh gníomhartha na Comhairle Contae ina ról reachtach mar sholáthraí infrastruchtúir fisiciúil agus ina ról atá ag teacht chun cinn, is é sin, a ról mar éascaitheoir forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta. Is éard atá ann ná ráiteas i scríbhinn agus na léarscáil a ghabhann leis.

Is de réir a bheartas agus a spriocanna a bhfuil sé d'aidhm aige fís an phobail áitiúil don sraidbhaile a bhaint amach, mar a cuireadh in iúl é i rith na tréimhse chomhchomhairliúcháin roimh an bplean,:

- go mbeadh an stádas príomh-shráidbhaile Ghaeltacht Chonemara ag an sráidbhaile;
- go mbeadh an Ghaeilge mar theanga phobail i gcónaí;
- go mbeadh a dhóthain talún ar fáil agus seirbhísú uirthí le freastal a dhéanamh ar riachtanais shóisialta, eacnamaíochta agus áineasa an Cheathrún Rua agus a dhobarcheantar;
- go leanfaidh na háiseanna for-rochtana oideachais tríú leibhéal ag fás;
- go bhforbórfar turasóireacht chúltútha ar ardchaighdeán;
- go mbeadh cuma mhealltach ar dhréachsráide an tsráidbhaile;
- go tabharfar cosaint d'oidhreacht chomhshaoil agus chultúrtha an tsráidbhaile agus a cheantar maguaird, agus gur
- phobal fáiltíoch a bheadh ann.

3.1.5 Pleansráidbhaile An Spidéil

Ullmhaíodh Plean sráidbhaile An Spidéil mar chuid de Chuid 18 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000. Is ionstraim dlí é an plean seo a threoróidh agus a mhaoirseoidh forbairt sa tsráidbhaile ar feadh na sé bliana ó dháta a ghlactha.

Toisc an láthair straitéiseach atá aige sa Ghaeltacht agus toisc na brúnna forbartha atá ag teacht aníos as forás Chathair na Gaillimhe mheas an t-údarás pleanála gurb iomchuí é plean a thiomsú don lonnaíocht shráidbhaile seanbhunaithe seo.

Sonraíonn an plean na beartais agus na spriocanna sonracha a threoróidh gníomhartha na Comhairle Contae ina ról reachtach mar sholáthraí infrastruchtúir fhisiciúil agus ina ról atá ag teacht chun cinn is é sin, a ról mar éascaitheoir forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta. Is éard atá ann ná ráiteas i scríbhinn agus na léarscáil a ghabhann leis.

I mbeagán focal, tá sé d'aidhm ag an bPlean forbairt An Spidéil a mhúnlú thar tréimhse de shé bliana. Déanann sé gach iarracht a áirithiú, a mhéid agus is féidir é, go gcomhordanófar forbairt ionas:

- go cosnófar, go gcothófar agus go bhforbrófar an Ghaeilge agus cúltúr an tsráidbhaile;
- go mbeidh a dhóthain talún infhorbartha ar fáil le freastal ar an riachtanas a thuarfar do thithe, do phoist agus go ghníomhaíocht áineasa thar tréimhse an Phlean;
- go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as infrastrúchtúr ar fáil, bóithre, soláthar uisce, cóireáil ar fhuíolluisce agus áiseanna pobail;
- go gcuirfear feabhsaithe eile infrastruchtúrtha poiblí i gcrích, agus;
- go dtabharfar cosaint d'oidhreacht chomhshaoil an limistéir idir nádúrtha agus tógtha.

3.1.6 Roghanna malartacha

Aithníonn agus déanann Mír 6 agus Mir 7 den Tuarascáil seo cur síos agus measúnú ar na roghanna malartacha atá ann chun na holl-físeanna do phleananna sráidbhaile a bhaint amach ag tabhairt san áireamh na gníomhartha ábhartha um úsáid na talún (féach Cuid 3.2 thíos), na MSC nna a aithníodh i Mír 6 agus cuimsiú geografach na pleananna sráidbhaile laistigh de limistéir an PLA. Is é a bhíonn de thoradh ar mheastóireacht ar na cásanna eile a d'fhéadfadh a theacht aníos ná go n-aithnítear na roghanna malartacha roghnaithe don dá shraidbhaile a thíolacfar

laistigh den PLA chuig Comhaltaí Tofa de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe mar aon leis an tuarascáil seo d'fhonn é a mheas.

3.2 Bearta Ábhartha um Phleanáil ar Aghaidh Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

3.2.1 Réamhrá

Tá PLA na Gaeltachta suite i gcéimlathas gníomhartha stráitéiseachta um Phleanáil ar aghaidh gur gá iad a comhlíonadh agus gur gá a bheith comhsheasmhach leo.

3.2.2 Stráitéis Náisiúnta Spásúlachta 2000 - 2020

Is léiriú spásúil é an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) d'aidhmeanna agus spriocanna an Phlean Náisiúnta Forbartha. Is é atá mar aidhm lárnach ag an SNS ná forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach trí athdháileadh fáis eacnamaíochta ó mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chuig an gcuid eile den tír.

Deirtear sa Phlean Náisiúnta Spásúlachta, agus gach iarracht á dhéanamh le cur le ról na Gaillimhe nach mór aitheantas a thabhairt don riachtanas atá ann a hoidhreacht theangeolaíochta agus chultúrtha a chosaint. Luaitear ann chomh maith go bhfuil limistéir ar fud an Chósta Thiar agus i gConemara go sonrach i mbun éagsúlaithe trí mheascán de thuarasóireacht agus trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus trí fhiontar bheag agus mheánach. Tugtar tacaíocht don phróiseas seo tríd an obair a dhéanann an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta

3.2.3 Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2004-2016 don Réigiún Thiar

Tá Éire roinnte suas in ocht réigiún pleánála ar aghaidh, Baile Átha Cliath, Lár na Tíre, an Lár –Oirthear, An Lár - Iarthar, An t-Oir-Dheisceart, An t-Iar-Dheisceart, An t-Iarthar agus an Teorainn, lena údarás pleanála féin ag gach ceann acu, comhdhéanta de Chomhaltaí Tofa roghnaithe ag na comhairlí rialtais áitiúla lena mbaineann. Eilítear ar údaráis phleanála réigiúnacha faoi Rialacháin um Phleanála agus Forbairt (Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála) 2003 (I.R. Uimh. 175 de 2003) treoirlínte pleanála réigiúnacha a thiomsú (TPRnna) agus creatlaigh fadtéarmacha straitéiseacha pleanála dá réigiún ábhartha féin. Ní mór ach go mbeadh aird ag na TPRnna seo ar an Straitéis Náisiúnta Spasúlachta.

Tá Comhairle Contae na Gaillimhe lonnaithe in Údarás Réigiúnach an Iarthair a d'ullmhaigh Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála 2004-2016 don Réigún Iarthararach(TPRnna).

Ba é an tÚdarás Réigiúnach a thiomsaigh agus a ghlac leis na treoirlínte ag eascairt as Cuid II, Caibidil III den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000. Is é príomhchuspóir na dtreoirlínte ná creatlach leathan pleanála a chur i bhfeidhm don réigiún agus le hollstraitéis fadtéarmach a chur ar fáil chun Pleananna Forbartha agus Pleanna Limistéar Áitiúil a thiomsú do gach uile Údarás Áitiúil sa réigiún.

3.2.4 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003 - 2009

Éilíonn an tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000 go mbeadh an PLA comhsheasmhach le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003 go 2009, a himlíníonn creat pleanála agus forbartha don Chontae. I gcás go mbeadh aon coimhlint idir an dá phlean beidh tús áite ag Plean an Chontae.

Cuireann Plean Forbartha an Chontae An Cheathrú Rua agus an Spidéal i láthair ina Straitéis Lonnaíochta mar lonnaíochtaí tríú sraithe, 'ionaid sheirbhíse áitiúla', i gcéimlathas lonnnaíochta. Cuireann Ionad Áitiúil Seirbhíse 'réimse seirbhísí níos teoranta ar fáil do chúlchríocha níos lú ná na moil sheirbhíse. Go minic áirítear ar an soláthar seirbhíse, go mbíonn réimse seirbhísí míondíola agus oideachais ann (e.g. suíomh do scoil iar-bhunoideachais), ach gur seirbhísí teorannta airgeadais, sláinte agus pobail'a bhíonn ann.

3.2.5 Spriocanna Cosanta Comhshaoil

Tá an PLA faoi réir roinnt bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta cosanta comhshaoil, lena n-áirítear iad sin a aithníodh agus a nglacadh leo cosúil le Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil i Mír 5. Ní mór go mbeadh an PLA comhsheasmhach leis na cuspóirí seo agus iad a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil.

4 Chomhshaoil Bonnlíneach

4.1 Réamhrá

Déantar cur síos ar chomhsaoil bonnlíneach an Cheathrún Rua sa mhír seo. Úsáidtear an bhonnlíne seo mar aon leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil a bhfuil imlíne dóibh i Mír 5, d'fhonn cur síos a thabhairt ar na hiarmhairtí suntasacha comhshaoil is dóchúla a thiocfaidh aníos de thoradh ar an bPLean Sráidbhaile don Cheathrú Rua a chur chun feidhme. Tugtar cur síos ar an mbonnlíne chomhshaoil ag teacht leis na ceanglais reachtacha, agus cumhdaítear na comhpháirteanna seo a leanas inti: bithéagsúlacht, flóra agus fána, daonra, sláinte an duine, ithir, uisce, aer agus dálaí aeráide, sócmhainní inláimhsithe, oidhreacht chultúrtha, tírdhreach agus an idirghaolmhaireacht idir na comhpháirteanna seo. Cuirtear san áireamh chomh maith na hiarmhairtí is dóchúla ar gach comhpháirt comhshaoil faoi *réamhradharcra tada a dhéanamh* i.e. an éabhlóid is dóchúla a bheidh ar an gcomhshaoil mura gcuirfear an PLA i bhfeidhm.



Figiúr 4.1 Léarscáil Láithreáin

Tá sráidbhaile an Cheathrú Rua suite isteach is amach ar 45 Km siar ó Chathair na Gaillimhe i lár leithinis a breathnaíonn soir thar Bhá Chasla go Ros a' Mhíl agus Cois Fharraige, agus siar trasna go Bá an Fhír Mhóir go Leitir Mhóir agus Garmna. Is é an R343 a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile, bóthair é a théann amach ón bpríomhbhealach réigiúnach an R336 ag achomal Casla.

Tá an Spidéal suite isteach is amach ar 18Km siar ó Chathair na Gaillimhe i nGaeltacht Chonemara. Is é an R336 a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile bóthar é a chúrsaíonn comhthreormhar leis an líne chósta agus tríd a lár, agus is talamh de bhrat mhóna atá mar theorainn aige ó thuaidh agus is é Cuan na Gaillimhe atá ina theorainn aige ó dheas.

4.2 Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána

4.2.1 An Cheathrú Rua

4.2.1.1 Láithreáin Éiceolaíochta Ainmnithe

Siar ó Bhá an Cheathrún Rua tá Limistéar Speisialta Caomhantais (SAC) Cód Suíomh 002111, Cuan Chill Chiaráin agus na hOileáin (Féach Fig. 4.3 Ainmniúcháin Éiceolaíochta) agus síneann sé amach ó Rinn Chiaráin, ó dheas den Cheathrú Rua, agus siar go Ceann Mhása, siar ó Charna. Is láithreán fairsing agus coimpleácach ar ardluach caomhantais é go mór mór toisc na samplaí de ghnáthóga muirí agus talúnda gnáthóga Iarscríbhinn I a chothaíonn sé agus toisc a dhaonraí de Mhadraí Uisce agus faoileán.

Tá limistéar fairsing d'uisce muirí oscailte sa láithreán le roinnt mhaith oileán agus insíní clochacha, agus tá an líne chósta an -bhearnach le sraith de bhánna caolta agus caológa. Tá béal na mbánna ag féachaint aghaidh amach roimh na gnáthghaoithe aniar-aneas agus bíonn siad faoi réir sruthanna láidre taoide de réir mar a shruthaíonn an fharraige tríd na hoileáin agus tríd na caológa.

Is limistéir d'ardluach caomhantais iad na SACnna de bharr a ngnáthóga agus/nó de bharr speiceas tábhachtacha san Aontas Eorpach a bheith iontu, agus tá a n-ainmniúchán agus a gcosaint faoi shainordú idirnáisiúnta faoi Threoir na nGnáthóg[4]

Tá achoimrí do na láithreáin ainmnithe curtha ar fáil in Aguisín I.

4.2.1.2 Bithéagsúlacht eile agus nascacht Flóra agus Fána agus Éiceolaíochta

Forbraíodh gnáthóga ar leithinis an Cheathrún Rua ar lomáin eibhir le hithreacha éadoimhne móna agus go leor lochanna beaga a chlúdaíonn an leithinis. Ar na gnáthóga a fhaightear ar an leithinis tá bratphortach íseal-chríche, raithneach, móinéir thirime, talamh féaraigh aigéadach tirim-tais, riasc, coillearnach agus muineach.

Tá roinnt lochanna ar an leithinis, dhá cheann acu atá suite laistigh den sráidbhaile reatha nó taobh leis; Loch a' Mhuilinn, atá lonnaithe díreach ó thuaidh den sráidbhaile agus a sholáthraíonn uisce óil don Cheathrú Rua, agus; Loch Scailp Dhomhnaill atá lonnaithe siar ó thuaidh de lár an tsráidbhaile. Cuislíonn sruthán ó dheas den sráidbhaile tríd an sraidbhaile agus ansin isteach go Loch a'Mhuilinn. Cothaíonn na lochanna éagsúla agus na srutháin ar an oileán raidhse d'fhlóra agus d'fhána uisceach agus cuireann a mbruacha nascacht éiceolaíochta ar fáil idir na gnáthóga éagsúla. Cuirtear nascacht éiceolaíochta ar fáil inter alia trí dhíoganna draenála agus claíocha cloiche traidisiúnta.
Tá an líne chósta na leithinise clochach agus bearnaithe agus cothaíonn sé éagsúlacht de ghnáthóga cósta chomh maith le nascacht éiceolaíochta a sholáthar.
D'aithin suirbhé mionsonraithe um Aicimiú Gnáthóg a cuireadh i gcrích ar son Comhairle Contae na Gaillimhe i rith gheimhreadh 2006 gnáthóga éagsúla laistigh den sráidbhaile mar a léirítear i bhFig. 4.2 [aicmítear gnáthóga de réir Scéim na Comhairle Oidhreachta (Fossitt,20000)].

[4] Treoir 92/43/CEE mar a ritheadh I ndlí na hÉireann ag Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha) 1997, IR94/1997, a leasaíodh faoi dhó ag IR 233/1998 agus IR 378/2005

4.2.2 An Spidéal

4.2.2.1 Láithreáin Éiceolaíochta Ainmnithe

Tá Limistéar Speisialta Caomhantais Choimpléasc Bhratphortaigh Conemara (SAC) agus Limistéar Oidhreacht Náisiúnta (NHA) Cód Suíomh 002034 lonnaithe ó thuaidh den Spidéal (féach Fig. 4.3. Is láithreán mór é a chumhdaíonn an chuid is mó d'ísealchríocha Chonemara Theas lena n–áirítear limistéar mór de bhratphortach Atlantach nár bhain mórán damáiste dó go fóill, limstéar le hardsuntas caomhantais d'Éirinn agus don Eoraip. Is de bharr a fhairsinge a bhfuil an oiread sin de ghnáthóga ann.

Cothaíonn an suíomh roinnt speiceas éan a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Threoir Éan an AE agus réimse de speiceas plandaí agus ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Gnáthóg an AE. Bíonn an Bradán Atlantach a liostaítear faoi Iarscríbhinn II de Theoir Gnáthóg an AE le fáil i gcuid mhór de na haibhneacha laistigh den suíomh lena n-áirítear Abhainn Bholuisce a chúislíonn tríd an Spidéal. Tá an Ruabhreac liostaithe mar speiceas faoi bhagairt i Leabhar Dearg Sonraí na hÉireann. Taifeadadh an Madra Uisce i gCoimpléasc Phortaigh Chonemara. Bíonn an Giorria, mamach eile liostaithe sa Leabhar Dearg Sonraí, ar an suíomh. Poraíonn an Frog ar an láithreán.

Is iad na príomh oibríochtaí a dhéanann damáiste agus atá ina mbagairtí ar Choimpléasc Chonemara ná gearradh móna, ró-innilt agus foraoisiú.

Ainmnítear Limistéir Oidhreacht Nádúrtha toisc a luach caomhantais náisiúnta d'oidhreacht éiceolaíochta agus/ nó oidhreacht gheolaíoch nó oidhreacht geomoirfeolaíoch.

Tá achoimrí do na láithreáin ainmnithe curtha ar fáil in Aguisín I.

4.2.2.2 Bithéagsúlacht eile agus nascacht Flóra agus Fána agus Éiceolaíochta

Tá líne chósta an Spidéil déanta suas de thránna gaineamhacha agus limistéir charraigeacha.

Léirítear nádúr nochtaithe líne an chladaigh san easpa bithéagsúlachta.

Is é saintréith an limistéar níos leithne timpeall ar an sráidbhaile an hard-dlús tortóg droimneach d'fhéarach fliuch gan crainn ann go ginearálta. San áireamh i nDiméin an Spidéil, atá lonnaithe siar ón sráidbhaile ó thuaidh den R336 agus ó dheas de limistéir níos fairsinge móna, tá limistéir de choillearnach aibí leathanduilleach comh maith le tailte féarach cothaithe.

Cuislíonn Abhainn Bholuisce ó tuairim is 12 Km ó thuaidh den Spidéal, trí Dhiméin an Spidéil, faoin R336 agus isteach go Cuan na Gaillimhe. Tá sé de chumas ag an abhainn speiceas a chothú agus seans maith go bhfuil speiceas bhradáin ann lena n-áirítear Bradán (Salmo salar), Breac (Salmo trutta), Ruabhreac (Salvelinus) agus iasc geal (Coregonus). Sa bhreis ar sin tá an dóchúlacht ann go gcothaíonn an abhainn iasc garbh. Is gnéithe fíorthábhachtach í an Abhainn agus a bruacha i mbithéagsúlacht an limistéir, a éascaíonn naisc idir agus laistigh den láthair ainmnithe éiceolaíochta ó thuaidh den Spidéal, Diméin an Spidéil agus an limistéar cósta ó dheas den sráidbhaile.

Tá limistéar de thalamh fliuch ó thuaidh den R336 agus soir ón gcéardbhaile a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leis do speicis na dtailte fliucha agus ar fiú é a chaomhnú mar atá sé.

4.2.3 Fadhbanna Reatha

Níl forbairt sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal ag dul i bhfeidhm go suntasach ar láithreáin ainmnithe éiceolaíochta go fóill. Tá forbairt tar éis dul i bhfeidhm go suntasach áfach ar bhithéagsúlacht nach bhfuil ainmnithe agus ar fhlóra agus ar fhána.

Maidir le flóra agus fána talúnda, bíonn iarmhairt ag gach uile fhorbairt ar láithreán úrnua - nuair a chuirtear dromchlaí saorga ann in áit na ngnáthóg nádúrtha agus leathnádúrtha caillltear flóra agus fána agus téann sé seo i bhfeidhm go diúltach ar an gcomhpháirt chomhshaoil seo.

Tabharfar faoi deara chomh maith gur féidir le forbairt inlíontach iarmhairtí a bheith aici ar fhlóra agus ar fhána, cé go bhfuil Loch Scailp Dhomhnaill nasctha le portach ísealchríche lasmuigh den Cheathrú Rua trí mhaitrís de ghnáthóga éagsúla agus laghdaíodh nascacht éiceolaíochta an locha agus tá sé faoi bhagairt ag forbairt chónaitheach atá ina thimpeall ar thrí thaobh.

Bhí éifeacht dhiúltach ar líonraí éiceolaíochta sna dá shráidbhaile de bharr forbairt cónaithigh agus de bharr infrastrúchtúir bhóithre agus forbairtí arbh é ba thoradh leo ná gur baineadh amach fálta sceacha nó gur cailleadh bruacha aibhneacha.

Tá flóra agus fána uisceach an-íogair roimh gach shaghas truailliú cosúil le creimeadh ithreach, sadhlais agus sciodair ó thalmhaíocht agus eisiltí tionsclaíocha, agus bardasacha (féach Mír 4.5).

4.2.4 Éabhlóid na Bithéagsúlachta agus Flóra agus Fána gan an PLA

Ní bheadh aon chreatlach ann ag díriú forbairtí chuig láithreáin iomchuí sa Cheathrú Rua nó sa Spidéal nó ina thimpeall, dhéanfaí measúnú ar iarratais ar chead pleanála ar bhonn an iarratais aonair le cosaint ag flóra agus fána, gnáthóga agus nascacht éiceolaíochta faoi réimse bheartas agus chuspóirí ar leibhéal níos airde.

D'fhéadfadh aon fhorbairt sa todhchaí ar imill na láithreáin ainmnithe éiceolaíochta na gnáthóga ann a laghdú agus dá bhrí sin laghdófaí an nascacht éiceolaíochta ar imill na láithreáin seo.

D'fhéadfadh forbairt taobh le nó ar bhruacha aibhneacha agus locha nascacht éiceolaíochta a laghdú laistigh de na láithreáin seo agus idir na láithreáin seo agus idir iad seo agus gnáthóga eile.

Is dócúil go mbeadh iarmhairt áibhirseach ag truailliú na n-uiscí de thoradh ar aon forbairt sa todhchaí ar a imill nó taobh leis ar fhlóra agus ar fhána uisceach lena n-áirítear speiceas Bradáin.(salmonoideum).

Tabharfar faoi deara go bhfuil an WRFB ag tabhairt faoi shuirbhé ar dhaonra na speiceas Bradáin (Salmnoideum) in Abhainn Bholuisce agus go bhfuil sé beartaithe aige na luchta leasmhara a thabhairt le chéile chun straitéis plándála do dhobharcheantar an abhainn a thiomsú.

4.3 An Daonra agus Sláinte an Duine

4.3.1 An Daonra

Liostaítear An Cheathrú Rua mar bhaile 'daonáirimh' i ndoiciméadacht an Phríomh-Oifig Staidrimh. Bhí daonra de 242 ann sa bhliain

1996 agus 629 sa bhliain 2002. Ós rud é nach dtagann teorannacha daonáirimh móramh na mbailte le teorainneacha pleanála is féidir leis a bheith deacair treochtaí a rianú sa daonra laistigh de theorainneacha a bhunaítear go daonlathach agus le dlí.

Toisc patrúin scaipthe na dteaghlach, níor shainmhínigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an Spidéal mar 'bhaile' go dtí 2002. I ndaonáireamh na bliana sin liostaigh sé gurbh ionann daonra na háite agus 190. Bhí teorainn an daonáireamh i neamhréir le teorainn bunaithe pleanála an tsráidbhaile agus mar chuid d'ionchur ar Straitéis Forbartha Lonnaíochta an Chontae rinneadh comhaireamh teaghlach sna bailte fearainn comhiomlánaithe ina bhfuil an sráidbhaile. B'ionann é seo agus comhaireamh tí de 320 , más rud é gurb ann do 3.2 duine bheadh an daonra sa bhliain 2001 ionann le 1024 duine.

Tá líon suntasach de na tithe sin lonnaithe lasmuigh de theorainn an phlean agus léiríonn anailís le déanaí ar an Geo-Eolaí go bhfuil 250 teach laistigh den teorainn, más rud é go bhfuil 3.06 duine ina chónaí i ngach ceann is ionann sin agus daonra de 765.

Tabharfar faoi deara go bhfuil an Cheathrú Rua san t-aon toghroinn sa chuid seo den Ghaeltacht a raibh ardú ar an daonra ann idir 1996 agus 2006.

4.3.2 Sláinte an Duine

Tá an poitéinsiúil ann go rachfaí i bhfeidhm ar shláinte an duine toisc ábhar truaillithe nó ábhar salaithe iompartha ag veicteoirí comhshaoil lena n-áirítear uisce, ithir agus aer. Is féidir le guaiseacha nó núis i leith sláinte an duine a theacht aníos de thoradh ar a bheith faoi lé na veicteoirí seo agus úsáidí talún neamhréireacha. Déantar na fachtóirí seo a scrúdú go mion mar is iomchuí faoi na cinnteidil ábhartha comhshaoil.

4.3.3 Fadhbanna Reatha

Tá daonra an Cheathrún Rua agus an Spidéil tar éis méadú go suntasach le blianta beaga anuas agus tá gach cosúlacht ann go méadóidh sé a thuilleadh sna blianta amach romhainn. Féadfaidh iarmhairtí suntasacha áibhirseacha a bheith ann ar shálinte an duine de thoradh ar fhás i limistéir nach bhfuil oiriúnach do na húsáidí talún a bheidh i gceist de thoradh ar an bhfás . Sa bhreis ar sin, má bhíonn forbairt ann gan seirbhísiú ceart ag infrastruchtúr, cosúil leis sin a chuireann cóireáil ar fhuíolluisce, tá an dóchúlacht ann go rachfar i bhfeidhm go diúltach ar shláinte an duine. Ós rud é go bhfuil an dochúlacht ann go méadóidh an daonra a thuilleadh sna blianta amach romhainn, tá gá le méideanna leordhóthanach talún a zónáil d'fhonn a chinntiú go ndírítear fás i dtreo na timpeallachtaí is oiriúnaí agus an infrastruchtúr cóireála fuíolluisce cuí a sholáthar.

4.3.4 Éabhlóid an Daonra agus Sláinte an Duine gan an PLA

Leithdháileann Plean Forbartha Staitéise Lonnaíochta an Chontae, mar a leasaíodh é méadú iomlán de 120 teaghlach don Cheathrú Rua agus don Spidéal sa tréimhse 2003-2009. Leithdháileadh de 30% sa bhreis - agus dá dheonfar é soláthródh sé 156 aonad – ceadaítear é seo a mheas ag brath ar éileamh. Gan PLA ní bheadh aon chreatlach ag treorú forbairtí de thoradh ar an leithdháiltí seo chuig láithreáin oiriúnacha agus bheadh an poiteinsiúl aige seo go mbeadh iarmhairtí aibhirseacha ar chomhpháirteanna comhshaoil a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar shláinte an duine.

4.4 An Ithir

Ithir atá sa sraith barr de chrústa an domhain. Foirmíodh é le cáithíní de mhianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus beo-órgánaigh. Féadfar breathnú ar ithir mar acmhainn nádúrtha neamh-inathnuachana mar forbraíonn sé thar tréimhsí fada ama. Is meán fíorchoimpléascach, inathraithe agus beo é agus cuireann sé go leor feidhmeanna riachtanacha i bhfeidhm lena n-áirítear: bia agus bithmháis a tháirgeadh, stóráil, scagadh agus athrú iliomad substaint lena n-áirítear uisce, carbóin agus nítrigin. Tá ról ag ithir mar ghnáthóg agus mar linn géinte agus is ardán é do ghníomhaíochtaí an duine, an tírdhreach agus oidhreacht agus feidhmíonn sé mar sholáthraí amh ábhar. is fiú na feidhmeanna seo de chuid na talún a chosaint toisc a dtábhacht shocheacnamaíoch chomh maith lena dtábhacht chomshaoil.

Is torthaí iad ithreacha in go leor aiteanna ar idirghníomhaíocht fhachtóirí éagsúla, cosúil le bunábhar, aeráid, fasra agus gníomhaíocht an duine.

Níl aon reachtaíocht ann go dtí seo a bhaineann go sonrach le hacmhainní ithreach a chosaint. Tá Straitéis AE Téamúil ann áfach, faoi láthair um chosaint ithreach agus san áireamh ann tá

togra do Chreat-Teoir Ithreach a mholann prionsabail chomhionanna chun ithreacha a chosaint ar fud an AE. Tugtar cosaint d'ithir faoi ainmniúcháin éiceolaíochta éagsúla a aithnítear faoi Mhír 0.

Luaitear in Airteagal 5 den Treoir togartha, chun críocha feidhmeanna éagsúla ithreach a chaomhnú, nach mór séaláil, forbairt dromchlaí saorga ar barr acmhainní ithreach, a shrianadh. Moltar sa Treoir togartha go bhféadfaí é seo a bhaint amach trí láithreáin athfhorbraíochta a athshlánú, agus ar an gcaoi sin ídiú láithreán úrnua a laghdú. Sonraíonn an Treoir togartha chomh maith gur chóir ithir a úsáid ar bhealach inbhuanaithe a chosnóidh a chumas seirbhísí éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta, agus a feidhmeanna a chothabháil ionas go mbeidh freastal ar riachtanais ghlúine an todhchaí.

Tá bunchairraig an Cheathrún Rua clúdaithe ag ithreacha éadoimhne móna agus tá go leor lochanna beaga ann. Is príomh-shocmhainn turasóireachta é gaineamh ar an trá coiréil(an Dóilín) a bhfuil bratach gorm aige agus is limistéar mealltach áineasa pobail é comh maith.

D'fhorbair an Spidéal arb é a theorainn thuaidh bratmhóna, thar bhuncharraig eibhir. Cothaíonn gaineamh ar dhá thránna poiblí mór rachairte ar chósta an Spidéil, Trá na mBan agus Trá na Céibhe, áineas áitiúil agus turasóireacht agus cothaíonn an ithir i nDiméin an Spidéil bithéagsúlacht choillearnaí.

4.4.1 Fadhbanna Reatha

Is é a bhíonn de thoradh ar fhorbairt ar láithreán úrnua ná go ndéanfar tógáil air agus ar an gcaoi sin cuirtear séala ar fho-ithir neamh inathnuacha agus ar acmhainní ithreacha. Cuireadh séala ar ithir san dá shráidbhaile agus tá níos mó agus níos mó ithreacha á chlúdach sa timpeallacht de thoradh ar fhorás an dá shráidbhaile.

Féadfar an ithir a thruailliú le forbairt nach bhfuil seirbhís iomchuí ar fáil ó infrastruchtúr fuíolluisce comh maith le truailliú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta.

Tá áiríonna bochta síothlaithe ag na hithreacha laistigh den Cheathrú Rua agus sa Spidéal agus ina dtimpeall maidir le humair seipteachacha a oibriú de thoradh ar bhuncharraig d'eibhear neamh-thréscaoilteach a bheith i ngiorracht den dromchla agus an maoschlár ard.

4.4.2 Eabhlóid Ithreach gan PLA

Molann an Treoir reatha togartha maidir le hithir, go spreagfear athshlánú láithreán athfhorbraíochta, agus ar an gcaoi sin laghdófar ídiú na láithreán úr nua. Gan PLA a bheith ann áfach ní bheadh aon chreatlach ann a threoródh fás i dtreo láithreán athfhorbraíochta sna sráidbhailte, i gcás ina mbeadh treoir den sórt sin iomchuí. De thoradh ar sin bheadh an dóchúlacht ann go dtarlódh forbairt ar láithreáin úr nua ar bhonn méadaithe agus bheadh an toradh ar sin ná go dtógfaí agus go gcuirfí séala ar fho-ithir agus ar achmhainní ithreach nach bhfuil in-athnuachana.

4.5 An tUisce

4.5.1 Réamhrá

Is cuid lárnach den tírdhreach é uisce sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal – cothaíonn uiscí dromchla éiceachórais éagsúla agus soláthraíonn sé uisce óil trí aistarraingt díreach agus trína ról in athlíonadh screamhuisce. Cothaíonn uisce an bhithéagsúlacht agus an flóra agus an fána ar bhfuil cur síos ar i mír 0.

Coinnítear Screamhuisce i spásanna folmha i sraitheanna carraigeacha faoi thalamh nó in uiscigh. Tá screamh uisce tábhachtach don soláthar uisce óil agus is féidir leis a bheith ina fhoinse d'uiscí dromchla.

4.5.2 An Creat-Treoir Uisce

Is í an phríomh reachtaíocht a rialaíonn caighdeán uisce in Éirinn ná Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003 (I.r. Uimh. 722 de 2003) a thrasuíonn an Creat - Treoir Uisce (2000/60/CE). Éilíonn an Creat-Treoir Uisce (WFD) go gcuirfidh gach Ballstát i gcrích na bearta riachtanacha chun meathlú stádas na n-uiscí uile a chosc – uisce dromchla, screamh uisce, uisce inbhearach, agus uisce cósta - agus na n-uiscí uile a chosaint agus a fheabhsú agus a athshlánú agus é d'aidhm acu dea-stádas a bhaint amach faoin mbliain 2015. Tá dualgas ar gach údarás poiblí, lena n-áirítear Comhairle Contae na Gaillimhe: a mbeartais agus a n-oibríochtaí a chomhtháthú chun dea-stádas na n-uiscí nach bhfuil truaillithe faoi láthair a choinneáil agus na huiscí truallithe a thabhairt aníos go dea - stádas faoin mbliain 2015.

Chun críche an WFD a chur chun feidhme, roinneadh Éire in ocht gceantar abhantraí nó ina

limistéir thalún atá á dhraenáil ag abhainn mhór nó ag roinnt aibhneacha agus na limistéir inbhearacha/ cósta taobh leis. Tá Contae na Gaillimhe lonnaithe i gCeantar Abhantraí an Iarthair (WRBD) lena n-áirítear ann codanna de Chontae Mhaigh Eo, Contae an Chláir, Contae Liatroma, Contae Sligigh agus Contae na Gaillimhe.

Tá údarás áitiúla atá lonnaithe san WRBD, lena n-áirítear Comhairle Contae na Gaillimhe, ag ullmhú plan bainistíochta a chuirfear i bhfeidhm d'fhonn na n-uiscí uile a chosaint agus a fheabhsú san WRBD.

4.5.3 Measúnú Riosca WRBD

Chun críocha measúnú a dhéanamh, tuairisc a thabhairt agus bainistíocht a dhéanamh, roinneadh na n-uiscí sa WRBD ina screamhuisce, aibhneacha, lochanna, uiscí inbhearacha, uiscí cósta agus fo-roinneadh iad seo in *uiscí* sonracha agus sainmhínithe go soiléir.

Measúnaíodh gach uisce ar an mbonn cibé an bhfuil gníomhaíocht an duine a dul i bhfeidhm air, cibé *an bhfuil sé i mbaol* nó *nach bhfuil sé i mbaol* teip ar spriocanna an WFD a bhaint amach faoi 2015. D'fhonn an measúnú seo a éascú, cuireadh scéim aicmithe de cheithre aicme riosca i bhfeidhm agus úsáideadh an téarmaíocht seo a leanas:

- Ní sé i mbaol suntasach
- Ní dócha go bhfuil sé i mbaol suntasach
- Is dócha go bhfuil sé i mbaol suntasach
- Tá sé i mbaol suntasach

Beidh feabhas le déanamh ar uiscí sa chatagóir *i mbaol suntasach* chun an stádas cuí a bhaint amach, agus tá an dóchúlacht ann go mbeidh feabhas le déanamh i gcás uiscí sa chatagóir *is dócha go bhfuil sé mbaol suntasach* chun an stádas cuí a bhaint amach. D'fhoilsigh Oifig Tionscadal an WRBD Tuarisc Tréitheach sa bhliain 2005[5]

4.5.4 An Cheathrú Rua

Tá Loch a'Mhuilinn suite díreach ó thuaidh den Cheathrú Rua agus soláthraíonn sé uisce óil don sráidbhaile. Tá roinnt lochanna eile le fáil i leithinis an Cheathrún Rua lena n-áirítear Loch Scailp Dhomhnaill, atá lonnaithe díreach thiar-thuaidh ón lár an tsráidbhaile. Cuislíonn sruthán ó dheas den sráidbhaile tríd an sraidbhaile agus ansin isteach go Loch a'Mhuilinn.

Ní dhéanann an GCC monatóireacht ar uisce dromchla sa Cheathrú Rua ach d'aicmigh an WRBD Loch a'Muillin mar loch atá *i mbaol suntasach* go dteipfidh air spriocanna an WFD a bhaint amach faoin mbliain 2015 (Féach 4.4) de thoradh ar forbairt bhreise tithíochta agus aistarraingt uisce.

Tá uiscí cósta tabhachtach ó thaobh na turasóireacht de, úsáidtear iad mar ionaid snámha agus chun fiadhúlra muirí a chothú. D'aicmigh an WRBD na huiscí cósta atá timpeall ar leithinis an Cheathrú Rua san airthar agus ó dheas mar uiscí a bhfuil *baol* ann go dteipfidh orthu cuspóirí an WFD a bhaint amach, agus aithníodh go bhfuil na huiscí costa i gCuan Casla soir ó leithinis an Cheathrú Rua *i mbaol suntasach* (féach Figiúr 4.6). Is é is cúis leis an aicmiú seo ná na gaibhnithe uisce móra i Ros a'mhíl.
Tá uiscí cósta an –tábhachtach don turasóireacht, mar ionaid snámha agus chun fiadhúlra muirí a chothú.
Aicmíodh uisce dromchla atá á stóráil in uiscigh faoi leithinis an Cheathrún Rua *gur dócha nach bhfuil siad i mbaol suntasach* (féach Fig. 4.7).

Tá Trá an Dóilín ag comhlíonadh treorluachanna an AE d'uisce snámha (GCC,2006)[6]. Tá sé níos deacra na luachanna sin a chomhlíonadh ná na caighdeáin éigeantacha sláinteachais de chuid an AE a bhaint amach.

4.5.5 An Spidéal

Tá fad canáil Abhann an BHoluisce agus a dóbarcheantar aicmithe ar dóigh og bhfuil siad i *mbaol suntasach,* teip a dhéanamh ar chuspóirí an WFD a bhaint amach. (féach Figiúr 4.4 agus Figiúr 4.5).

Sa bhreis ar seo déanann an GCC monatóireacht ar Abhainn Bholuisce san áit ina chuislíonn sí faoin R336, 200 méadar ón inbhear leis an bhfarraige – léiríonn an ceann is déanaí do na blianta 2001 go 2003 nach bhfuil an abhainn truaillithe ag an bpointe seo toisc gur bhain sé amach Luach Innéacs Bithigh Q4-5 (GCC, 2005) [7]

[5] Oifig Tionscadal WRBD (2005) *Airteagal 5 Tuairisc Achoimrithe Tréithigh* Gaillimh: Oifig Tionscadail WRBD

[6] An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2006) Caighdeán uisce snámha in Éirinn - Tuarascáil don Bhliain 2006, Loch Garman: EPA

[7] An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2005) Caighdéan Uisce in Éirinn 2001 – 2003 Loch

Aicmíodh uiscí cósta taobh le cósta an Spidéil ag an WRBD ar dóigh *nach dócha go bhfuil baol suntasach ann* go dteipfidh orthu spriocanna an WFD a bhaint amach (féach Fig. 4.6).

Ar nós an screamhuisce sa Cheathrú Rua, aicmíodh screamhuisce sa Spidéal mar uisce *nach dócha go bhfuil sé i mbaol suntasach* (féach Fig. 4.7).

Tá an príomh trá ag an Spidéal ag comhlíonadh luachanna éigeantacha an AE d'uisce Snámha agus tá stádas na Brataí Gorma aige agus cé go bhfuil an trá ag Cé an Spidéil ag comhlíonadh Treoir luachanna an AE d'uisce snámha agus tá a stádas brataí gorma caillte aige le déanaí.[8] Tabharfar faoi deara go bhfuil na treoir luachanna níos déine ná na luachanna éigeantacha. I rith an tsamhraidh roimhe sin bhí comhaireamh ard baictéar sna insreafaí ó dhá sruthán ag dul isteach sa trá ag Cé an Spidéil, an ceann ba mhó daoibh Abhainn Bholuisce, agus aithníodh fadhbanna ionchasacha ann ó umair seipteachacha agus ó thalmhaíocht suas an tsrutháin.

4.5.6 Fadhbanna Reatha

Bunaithe ar an measúnú riosca san áireamh i d' Tuarascáil Tréitheach an WRBD (2005), tá roinnt uiscí i gContae na Gaillimhe nach dócha go n-éireoidh leo a gceanglais faoin gCreat-Treoir Uisce a chomhlíonadh.

Is saincheisteanna suntasacha iad gur cailleadh stádas na Brataí Gorma ag an trá i ngiorracht do Ché an Spidéil mar aon le fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht aníos de thoradh ar umair seipteacha agus talmhaíocht suas an tsrutháin ón Spidéal agus ní mór go dtabharfadh aon fhorbairt sa sráidbhaile aird ar seo.

Is dócúil go mbeadh iarmhairt áibhirseach ag truailliú na n-uiscí de thoradh ar aon forbairt sa todhchaí ar a imill nó taobh leis ar fhlóra agus ar fhána uisceach lena n-áirítear speiceas Bradáin.(salmonoideum).

Tá flóra agus fána uisceach an-íogair roimh gach shaghas truailliú cosúil le creimeadh ithreach, sadhlais agus sciodair ó thalmhaíocht agus eisiltí tionsclaíocha, agus bardasacha (féach Mír 4.5). Bhí imní ann roimhe seo faoi chaighdeán an t-uisce i Loch a'Muilinn toisc go ndeachaigh fuíolluisce i bhfeidhm air agus tá forbairt foraoiseachta thuas an tsrutháin ón Spidéal tar éis dul i bhfeidhm ar Abhainn an Bholuisce.

Nochtaigh muintir an Cheathrún Rua an t-imní dáiríre a bhí orthu faoi chaighdeán uisce óil na háite agus nochtaíodh freisin é i mbreithúnas ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcoinne Éirinn i Mí na Samhna 2002 maidir le comhlíonadh na hÉireann leis an Treoir um Uisce Óil 1998.

Aithníonn córas faisnéise ar-líne Oifig na n-Oibreacha Poiblí ina bhfuil léarscáil de limistéir ina mbíonn tuillte ann; go dtarlaíonn tuillte go leanúnach ar bhóthar an R336 díreach soir ó lár shráidbhaile an Spidéil agus ó thuaidh de phríomh thrá an Spidéil (OPW,2007). D'aithin Innealtóirí toghcheantair agus Limistéir i gComhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil an bóthar seo sa Spidéal i mbaol tuillte de thoradh ar thaoidí arda agus gaoiha láidre gach uile bhliain[9]

4.5.7 Eabhlóid Uisce gan PLA

Dá mba rud é go raibh forbairt ann gan an infrastruchtúr iomchuí fuíolluisce bheadh an dóchúlacht láidir ann go dteipfeadh ar roinnt uiscí tiomantais an WFD a chomhlíonadh. Bheadh an dóchúlacht ann chomh maith go méadódh fairsingeacht agus géire iarmhairtí áibhirseacha maidir le bithéagsúlacht agus maidir le flóra agus fána, soláthair uisce óil agus sláinte an duine de thoradh ar caighdeán uisce íseal.

Dá gcuirfí infrastruchtúr cuí fuíolluisce ann roimh aon fhorbairt bheadh an dócúlacht ann go bhfeabhsódh roinnt uiscí agus bheadh an seans níos fearr ann go mbainfeadh Cé an Spidéil a stádas Bratach Gorm amach arís.

4.6 Dálaí Aeir agus Aeráide

Fuarthas gur cheart saincheisteanna um chaighdeán aeir a mheas ag leibhéil níos airde céimláthais in úsáid na talún agus i gcéimlathais um chosaint chomhshaoil, ag leibhéal réigiúnach ag an GCC, agus ag leibhéil ábhartha tionscadal tríd EIA.

Garman: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil

[8] An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2006) Caighdeán uisce snámha in Éirinn - Tuarascáil don Bhliain 2006, Loch Garman: EPA

[9] Comhairle Contae na Gaillimhe (2005) Miontuairiscí Cruinniú Limistéar Uachtar Aird, Bealtaine 31, 2005 Gaillimh;Comhairle Contae na Gaillimhe

4.7 Sócmhainní Inláimhsithe

4.7.1 Fuíolluisce

4.7.1.1 Acmhainn Reatha

D'aithin Comhairel Contae na Gaillimhe go bhfuil na monarcha reatha cóireála fuíolluisce sa Cheathrú Rua agus sa Spidéal ag feidhmiú ag a lán acmhainneacht.

Is éard atá i gcóras reatha séarachais an Spidéil ná córas beag bailiúcháin le sruth éalaithe chun na farraige a scaoileann séarachas gan chóireáil i ngiorracht den limistéar snámha poiblí.

Sruthaíonn an córas séarachais reatha sa Cheathrú Rua isteach sa bhfarraige i mBá Chasla.

4.7.1.2 Tograí um mhéadú acmhainne

Sa Cheathrú Rua críochnaíodh líonra nua séarachais agus meastar go dtosóidh tógáil ar mhonarcha nua cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile go mall sa bhliain 2007. Cuirfidh sé seo acmhainn ar fáil do choibhéis 2,400 duine agus nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh deireadh le doirteadh eisiltigh amh ón gCeathrú Rua isteach sa bhá.

Ullmhaíodh réamhthuairisc maidir leis an togra chun monarcha cóireála fuíolluisce agus bailiúcháin an Spidéil a uasghrádú agus a mhéadú. Déanfaidh úasghrádú agus leathnú an infrastruchtúir foráil do choibhéis 2,312 duine agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an úasghrádú seo sa bhliain 2009.

4.7.1.3 Fadhbanna Reatha

Is fadhb shuntasach í an easpa acmhainne atá ann le cóireáil a chur ar fhuíolluisce.

Dé réir mar a aithníodh é i Mír 4.4, tá airíonna bochta síothlaithe sna hithreacha laistigh den Cheathrú Rua agus sa Spidéal. Tá sé deacair córais choiréala fuíolluisce a dhearadh agus a thógáil i limistéir le coinníollacha bochta síothlaithe agus más amhlaidh nach ndearfar nó ná dtógfar iad go cuí tá an baol ann go gcruthóidh siad rioscaí suntasacha d'uiscí dromchla agus do screamh uiscí. Is díol imní ar leith é teagmhais ina mbíonn an t-eisreabhadh ó fhorbairtí thuas an tsrutháin, ó ghlacadóir íogair ar nós limistéir snámha, bealach imirce speicis de bhradáin nó soláthar uisce. I gcás ina gceadófar forbairt nua sa Cheathrú Rua nó sa Spidéal sula gcuirfear acmhainn ar fáil, bheifí ag súil le hiarmhairtí áibhirseacha suntasacha ar chaighdeán uisce, ar bhithéagsúlacht, ar fhlóra agus fána agus ar shláinte an duine.

Tá sé riachtanach go gcomhlíonfar Beart Maolaithe 4 (féach Mír 9) agus go mbeidh an t-infrastruchtúr ann roimh aon fhorbairt nua.

4.7.2 Uisce Óil

4.7.2.1 An Cheathrú Rua

Aistarraingítear an soláthar reatha uisce don Cheathrú Rua ó Loch a'Mhuilinn agus cuirtear clóirín ann. Tharla go ndearnadh éilliú ar an bhfoinse seo níos mó ná uair amháin. Sa bhliain 2004 thaifead an GCC dhá theagmhais d'éilliú E.coli sa soláthar (GCC,2005)[10] . Is faisnéis é an E.coli a léiríonn go bhfuil faecas ainmhithe nó daonna ann agus is bagairt ionchasach é sin ar shláinte an duine.

Táthar chun tús a chur le hobair sa bhliain 2007 ar scéim réigiúnach Chasla, a soláthróidh uisce chuig an gCeathrú Rua.

4.7.2.2 An Spidéal

Soláthraítear uisce chuig an Spidéal ó Loch Bhóluisce atá lonnaithe 3-4 Km thuas an tsrutháin ón sráidbhaile. Cuireann an scéim soláthar uisce ar dea-chaighdeán ar fáil don sráidbhaile agus do na limistéir ina thimpeall agus toisc fás leanúnach an daonra beidh gá le ordú nua aistarraingthe a bhaineann leis an bhfoinse.

4.8 Oidhreacht Chultúrtha

4.8.1 Réamhrá

De réir a shainmhíniú ciallaíonn oidhreacht maoin ó oidhreacht, tréithe ó oidhreacht agus aon ní a tarchuireadh ón ré roimhe seo agus ónár sinsear. Cuimsíonn sé gach rud, ó rudaí agus foirgnimh go dtí an comhshaoil. Cumhdaíonn oidhreacht chultúrtha foirgnimh fisiciúla, struchtúir agus rudaí ina iomláine nó i bpáirt, fágtha ar an tírdhreach ag an nglúin seo agus ag glúine roimhe seo.

4.8.2 Oidhreacht Seandálaíochta

4.8.2.1 Réamhrá

is ionann oidhreacht seandálaíochta agus iarsmaí ábhair (i bhfoirm suímh agus séadchomharthaí nó déantán is é sin nithe ar

[10] An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2005) Caighdeán uisce snámha in Éirinn - Tuarascáil don Bhliain 2004, Loch Garman: EPA

féidir iad a bhogadh) agus fianaise ón gComhshaol.

d'Fhéadfadh nach mbeadh aon gnéithe sofheicithe dóibh le feiceáil ar an dromchla; d'fhéadfadh go mbeadh na gnéithe dromchla tar éis lobhadh go hiomlán nó d'fheadfadh gur baineadh iad d'aon ghnó agus d'fhéadfadh taiscí agus gnéithe eile a bheith slán faoin dromchla.

Cosnaítear seandálaíocht in Éirinn faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1939 go 2004. Sonraíonn agus cosnaíonn Taifead Séadchomhartha agus Áiteanna (RMP) do Chontae na Gaillimhe faoi Alt 12 (lena leasaítear Achtanna Séadchomharthaí Náisiúnta ó 1930 go 1944) den Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1994. Is éard atá i Séadchomhartha ná aon fhoirgneamh, struchtúr, nó éirí saorga nó leath-shaorga. Ar na séadchomharthaí a bhfuil cosaint acu faoin Acht tá, séadchomharthaí réamhstairiúla, agus aon séadchomharthaí agus áiteanna bainteach le stair tráchtála, cultúrtha, eacnamaíochta, tionsclaíochta, mhíleata, chreidimh nó shóisialta. Áirítear san Acht gach séadchomhartha ann roimh 1700 AD.

4.8.2.2 An Cheathrú Rua

Cé nach bhfuil séadchomhartha náisiúnta ar bith lonnaithe laistigh de lár shráidbhaile an Cheathrún Rua, tá ocht gcinn ar fud leithinis an Cheathrún Rua.

Tá ionad adhlacadh (GA090-025) agus cillín (GA090-007) lonnaithe ar líne chósta thiar na leithinse, tá tobar beannaithe (GA090-006) lonnaithe ar líne chósta thiar - theas na leithinse agus tá drámhcharn (GA090-009) lonnaithe ar líne chosta theas na leithinse. Ar líne chósta thoir na leithinse tá clachan de thrí cinn de shéadchomharthaí Náisiúnta: séipéal (GA090-00301), reilig (GA090-002) agus teach pobal (GA090-00302). Ar deireadh tá muillann (GA090-008) lonnaithe ó thuaidh de Loch a'Mhuilinn.

4.8.2.3 An Spidéal

Tá trí cinn de shéadchomharthaí Náisiúnta laistigh de shráidbhaile an Spidéil: teach mór (GA092-002), lonnaithe ar Teach an Spidéil/ Lóiste Bohoona suíomh RPS; séipéal (GA092-022), lonnaithe i suíomh Chill Éinne RPS, agus, séipéal agus reilig (GA092-021) lonnaithe i suíomh RPS mhainistir an Spidéil.

Tá dhá shuíomh agus limistéir shéadchomharthaí laistigh de Shráidbhaile an Spidéil ina bhfuil roinnt Séadchomharthaí Náisiúnta agus Struchtúir cosanta. Ta siad seo léirithe ar Fhigiúr 4.9.

4.8.3 Oidhreacht Ailtireachta

4.8.3.1 Réamhrá

Tá dlí ann faoi Thaifid na Struchtúr Cosanta (RPS) do Chontae na Gaillimhe faoi Alt 51 den Acht um Phlenáil agus Forbairt 2000. Féadfar gach struchtúr, foirgneamh nó éirí a tháinig ar an saol tar éis 1700 AD a chosaint trí iad a bheith ar an liosta san RPS.

Déantar struchtúir chosanta a shainmhíniú mar struchtúir, mar chodanna de struchtúir lena mbaineann spéis ar leith seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíche, sóisialta nó teicniúil. Cumhdaíonn an téarma 'struchtúr' taobh istgh den struchtúir, an talamh ina thimpeall nó cúirtealáiste an struchtúir, aon struchtúir a luíonn laistigh den chúirtealáiste sin.

4.8.3.2 An Cheathrú Rua

Tá trí iontrálacha leis an RPS sa Cheathrú Rua (Féach Fig. 4.8).

- Séipéal (caitliceach) Naomh Mac Dara (RPS 723)

Tá an séipéal i stíl ghothach i bhfoirm croise suite ar suíomh ard taobh leis an R343 de réir mar a ghabhann sé isteach chuig sráidbhaile an Cheathrún Rua. Tógadh an séipéal circa 1920.

- Scoil Náisiúnta Naomh Mac Dara (RPS 725)

Tá an scoil seo lonnaithe ar shuíomh oscailte taobh leis an bpríomhshráid sa Cheathrú Rua, ó dheas de Shéipéal Naomh Mac Dara (RPS 723) Ba í Oifig na n-oibreacha Poiblí a dhear í agus is scoil náisiúnta aon stór í, sin séipéal, seomraí ranga agus túr uisce, dar dáta 1955.

- Scoileanna Náisiúnta Naomh Mac Dara (RPS 726)

Is í an scoil seo an scoil is sine sa sráidbhaile, agus tógadh é 1893. Tá sí lonnaithe taobh leis an mbóthar céanna is atá an dá struchtúir cosanta eile a luaitear thuas, taobh thiar de chlaí íseal teorainn.

Sa bhreis ar na Struchtúir Cosanta seo, cuirtear le hoidhreacht seandálaíochta an Cheathrún Rua agus a timpeallacht le roinnt tithe beaga ón luath 20ú aois agus le tithe feirme dhá stór atá scaipthe ar fud na leithinise.

4.8.3.3 An Spidéal

Tá cúig iontrálacha leis an RPS sa Spidéal (Féach Fig. 4.8).

- Teach an Spidéil / Lóiste Bohoona (RPS 740)

Tá an struchtúr seo suite i nDiméin an Spidéil siar ón sráidbhaile. Is teach scoite dhá stór é le cúig bháfhuinneog ón 19ú céad moch le díon a shíneadh sa bhliain 1910, agus dódh é agus ath-tógadh é sa bhliain 1923. Tá foirgnimh scoilte stáblaí ann agus droichead le trí áirse agus bealach isteach le hairse ós cionn an gheata agus lóiste ann i stíl an 18ú aois déag. Tabharfar faoi deara go bhfuil an coillearnach ina thimpeall faoi chosaint mar chuid de chúirtealáiste an struchtúir cosanta seo.

- Lóiste an Spidéil (RPS 741)

Is tigín scoite é Lóiste an Spidéil suite taobh thiar de chlaí ard taobh le himeall theas an R336, agus tá sé ó thuaidh de Theach Iona.

- Teach Iona (RPS 742)

Is teach scoite le trí bháfhuinneog é Teach Iona le dhá stór agus beanna (c.1880) lonnaithe ó dheas de Lóiste an Spidéil, suite ar choillearnach siar ó dheas den Spidéal.

- Mainistir an Spidéil (RPS 739)

Tá Mainistear an Spidéil suite ar shuíomh mhainisteach a bhí ann roimhe seo le reilig agus claí timpeall uirthi. Is séipéal simplí é, cillín le díon cloiche agus tógadh é sa bhliain 1776. Tógadh é de bhrabhlach garbh.

- Cill Éinne (RPS 738)

Is seipéal é Cill Éinne, i stíl na hAthbheochana Ceiltí; tógadh é de bhrabhlach garbh agus cuireadh aghaidh de chloch ghearrtha air. Dearadh é faoin mbliain 1903 agus lonnaíodh é ó dheas den R336.

4.8.4 Fadhbanna Reatha

Cé go gcosnaítear an- chuid gnéithe d'oidhreacht chultúrtha faoin reachtaíocht, féadfaidh éifeachtaí a bheith ann mar sin féin de thoradh ar fhorbairt.

Is féidir le forbairt a mbíonn athrú ar struchtúr i gceist leis nó sínte ar struchtúir; tógáil ó charachtair speisialta an struchtúir agus a shuíomh agus féadfaidh sé a bheith ina chúis caillte na gnéithe lena mbaineann spéis ar leith ailtireachta nó stairiúla .

Féadfaidh forbairt ar shuímh taobh le séadchomhathaí náisiúnta, áiteanna nó struchtúir dul i bhfeidhm ar shuíomh na nithe cultúrtha sin.

Cé go bhfuiltear ag spreagadh agus ag éascú fáis ar shuímh athfhorbraíochta cuirfidh sé sin le maolú cuid de na hiarmhairtí áibhirseacha a bhaineann le forbairt ar láithreán úr nua, tá an poitéinsiúil i bhforbairt láithreán athfhorbraíochta chun dul i bhfeidhm go suntasach ar oidhreacht chultúrtha - ó thaobh na seandálaíochta agus na hailtireachta de-mura ndéantar é a mhaolú.

Féadfar dámaiste a dhéanamh do sheandálaíocht narbh eol é roimhe seo trí fhorbairt de thoradh ar suaitheadh talún.

4.8.5 Éabhlóid Oidhreacht Chultúrtha gan LAP

Gan PLA, ní bheadh aon treoir ann maidir le cén áit ar cheart forbairt a dhéanamh ann agus leanfaí ar aghaidh ag déanamh measúnú ar iarratais phleanála ar bhonn ceann ar cheann leis an oidhreacht á chosaint faoi roinnt ghnímh straitéiseacha a bhaineann le seandálaíocht agus le hailtireacht a chosaint. Rachfaí i bhfeidhm ar oidhreacht chultúrtha le nádúr na hiarratais a cheadófaí.

4.9 Tírdhreach

4.9.1 Réamhrá

Is limistéir iad Tírdhreacha *a fheiceann daoine* agus atá déanta suas de roinnt sraitheanna: tírghné, a eascraíonn ó stair gheolaíochta agus gheomoirfeolaíoch; clúdach na talún, lena n-áirítear fásra, uisce, lonnaíochtaí daonna, agus; luachanna an duine atá de thoradh ar thuiscintí stairiúla, cultúrtha, reiligiúnach agus tuiscintí eile agus idirghabhálacha le clúdach an talún agus le tírghné.

4.9.2 Aicmiú Iogaireacht an Tírdhreacha

Rangaíonn an Measúnú Carachtair Tírdhreacha na Gaillimhe de chuid na Comhairle Contae [11] tírdhreacha de réir a n-íogaireacht, a gcumas

[11] 40 Comhairle Contae na Gaillimhe (2003) Measúnú ar Charactar na Tírdhreacha Gaillimh: Comhairle Contae na Gaillimhe

déileáil le hathrú nó idirghabháil gan chur suas le héifeachtaí nach mbeadh inghlactha le carachtair agus luachanna. Is iad na tírdhreacha is íogaire ná 'Aicme 5 – Sainiúil', agus 'Aicme 4- Speisialta' agus 'Aicme 3 – Ard' agus is iad na tírdhreacha nach bhfuil chomh híogair sin ná 'Aicme 2-Measartha' agus 'Aicme 1 Íseal'.

Tabharfar faoi deara anuas ar an measúnú ar íogaireacht a rinneadh ar fud an chontae a bhfuil foráil dó sa Mheasúnú Carachtair, gur aithníodh roinnt eilimintí íogaire san dá shráidbhaile i rith cuairteanna ar láithreáin. Is comhpháirteanna sonracha iad seo atá íogair roimh fhorbairt – tá cumas laghdaithe acu chun déileáil le hathrú nó le hidirghábháil gan éifeachtaí neamh - inghalctha a fhulaingt ar a gcaractair.

4.9.3 An Cheathrú Rua

Gobann leithinis an Cheathrún Rua isteach go Cuan na Gaillimhe le Bá Chasla, Ros a'mhíl agus Cois Fharraige soir uaidh agus Bá an Fhír Mhóir agus oileáin Leitir Mhóir agus Garmna siar uaidh.

Forbraíodh sráidbhaile an Cheathrún Rua don chuid is mó is bhfoirm scaipthe agus líneach ar phríomh bhealach isteach na leithinise, an R343, agus na ceithre mhionbhóithre a théann amach ón bpríomhshráid. Tá tithíocht chomh scaipthe sin go bhfuil sé deacair teorainn an sráidbhaile a shainmhíniú. Is minic a bhíonn claíocha cloiche timpeall ar thithe a chuireann le carachtair na tírdhreacha agus le nascacht éiceolaíochta.

Rangaítear an chuid is mó den tírdhreach sa Cheathrú Rua mar 'Aicme 3- -Ard' le 'Rangú 4 - Speisialta ' agus na tailte is giorra den chósta (Féach Fig. 4.10).
Ar na gnéithe íogaire a aithníodh sa Cheathrú Rua tá an líne chósta agus a thránna, atá ann ag pointí éagsúla ar fud na leithinse, agus bruacha lochanna móra ar an oileán, go sonrach, Loch a'Mhuilinn. Is maolánach é Loch a'Mhuilinn idir fhorbairt sráidbhaile an Cheathrún Rua san oirthear agus forbairt eile tuaithe Gaeltachta san iarthair.

Is é an tírdhreach laistigh agus timpeall ar an sráidbhaile an tírdhreach is láidre ar an leithinis agus dá bhrí sin tá an poiteinsiúl is mó ann chun déileáil le hathrú de thoradh ar fhorbairt.

4.9.4 An Spidéal

Mar chuid den phróiseas ullmhúcháin don PLA, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar oidhreacht nádúrtha an Spidéil. Aithníonn an measúnú cúig limistéar fairsing tírdhreacha:

- Limistéar an chósta ó dheas den R336 lena n-áirítear dhá chuan feidhmiúla, dhá dhúrlaing gaineamhacha agus cladach nochtaithe de bhunchairraig síonchaite agus bolláin síonchaite.

- Limistéar láidir Lár an tSráidbhaile a shíneann taobh leis an R336 agus a bhfuil de phoiteintsiúl aige glacadh le forbairt gan aon éifeachtaí neamh - inghlactha a fhulaingt ar a charachtair reatha. Tabharfar faoi deara go bhfuil an nós ann go mbreathnódh forbairt sa sráidbhaile isteach, a cúl leis an gcósta agus i dtreo an R336.

- Dímein an Spidéil ina bhfuil dlúthchoillearnach a chruthaíonn tírdhreach atá láidir ón taobh istigh agus a chruthaíonn bac físiúil idir na limistéir Chósta agus Chúlchríocha. Anuas ar a luach éiceolaíochta, tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcoillearnach ó thaobh dhreach bhaile an tsráidbhaile.

- Tá dlús ard de thortóga doimneacha féarach gan chrann ar bith nach bhfuil draenáil mhaith ann sa limistéar cúlchríche timpeall ar an sráidbhaile. Tá clachain aonair de thithe scaipthe ar fud na cúlchríche, le ballaí cloiche ina dtimpeall go minic.

- Cuireann Abhainn Bholuisce nasc fisiciúil ar fáil idir an gcúlchríoch, an diméin agus an limistéar cósta. Ní fheictear uiscí na habhann de ghnáth ós rud é go bhfuil bruacha na habhann an-ghéar agus de thoradh ar sin ní gnéith cheannasach den tírdhreach í an abhainn.

Rangaíonn Measúnú Carachtair Tírdhreacha de Chuid Comhairle Contae na Gaillimhe taillte chósta sa Spidéal a bheith de 'Rang 3- Ard' iogaireacht leis an tírdhreach ó thuaidh rangaithe mar 'Rang 2- Measartha' (Féach Fig. 4.11).[12]

Ar na gnéithe íogaireacha a aithníodh i rith cuairteanna ar láithreáin chuig an Spidéal bhí an limistéar cósta agus imill Diméin an Spidéil, an dá cheann daoibh sin a chuireann sócmhainní físiúla ar fáil don Spidéal. Gné iogaireach eile

[12] 40 Comhairle Contae na Gaillimhe (2003) *Measúnú ar Charactar na Tírdhreacha* GaillimhComhairle Contae na Gaillimhe

den Spidéal is ea an radharc ar Bhá an Spidéil ó thaile ó thuaidh den R336 a aithníodh sa Mheasúnú Caractair Tírdhreacha.

Tá limistéir lár an tsráidbhaile láidir go leor agus tá poitéintsiúl aige déileáil le forbairt nua.

4.9.5 Fadhbanna Reatha Chomhshaoil

Ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht aníos maidir leis an tírdhreach sa Cheathrú Rua tá forbairtí a ídíonn na gnéithe íogaireacha tírdhreacha chomh maith le leathnú scaipthe an sráidbhaile. Sa bhreis ar sin tá roinnt línte chumhachta arda ag dul i bhfeidhm go diúltach ar an dreach sráide laistigh de lár an bhaile.

Ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht aníos sa Spidéal tá forbairtí a ídíonn gnéithe íogaireacha den tídhreach. D'fhéadfadh leathnú amach an tsráidbhaile ón lár reatha atá aige dul i bhfeidhm ar an tírdhreach ina thimpeall.

4.9.6 Eabhlóid Ithreach gan PLA